| Meitheal Forbartha Bhéarla na hArdteistiméireachta | Cruinniú 3: 9 Bealtaine 2024 |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Réamhrá ón gCathaoirleach, miontuairiscí agus nuashonruithe** | Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh an meitheal, faomhadh na miontuairiscí agus cuireadh an t-eolas is déanaí ar a súile dóibh. |
| **Aiseolas ón gcomhairliúchán ar an gcáipéis eolais agus ar an treoir** | Leagadh amach aiseolas ón gcomhairliúchán don mheitheal maidir leis na deiseanna agus na dúshláin a shainaithin na rannpháirtithe agus leagadh amach na tacaíochtaí a theastaíonn don chur i bhfeidhm freisin. Dúnfar an comhairliúchán ar an 17 Bealtaine agus dréachtófar tuarascáil a chuirfear faoi bhráid na Comhairle i mí Mheán Fómhair. |
| **Machnamh ar Réasúnaíocht agus Aidhmeanna** | Bhí plé cuimsitheach ag an meitheal ar an bhfoclaíocht mholta le haghaidh na réasúnaíochta agus na n-aidhmeanna do shonraíocht athfhorbartha Bhéarla na hArdteistiméireachta. Tháinig an mheitheal ar chomhaontú maidir leis na hathruithe deiridh. |
| **Príomhinniúlachtaí** | Tugadh léargas ginearálta ar bhunús agus ar fhorbairt cháipéis na bPríomhinniúlachtaí agus rinneadh plé ar an tábhacht a bhaineann léi le haghaidh fhorbairt na sonraíochta. |
| **Snáitheanna Samplacha: Plé** | Rinneadh achoimre ar leanúnachas na snáitheanna i mBéarla ar fud na bunscolaíochta agus na sraithe sóisearaí. Rinneadh plé i ngrúpaí ar ghrafaicí samplacha le haghaidh raon deiseanna le haghaidh Bhéarla na hArdteistiméireachta agus rinneadh iniúchadh ar roghanna éagsúla. Forbrófar na smaointe sin tuilleadh roimh an gcéad chruinniú eile. |
| **Seisiún iomlánach** | Na chéad chéimeanna eile:<br>• Tá an Réasúnaíocht agus na hAidhmeanna le cur in eagar de réir an phlé a rinneadh orthu.<br>• Beidh tuilleadh sonraí faoi na roghanna Snáitheanna is fearr ar fáil faoin gcéad chruinniú eile.<br>Beidh an chéad chruinniú eile ar siúl ar an 29 Lúnasa i mBaile Átha Luain. |